



**Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Aachen (an Ghearmáin) a taisceadh an 29 Iúil 2025 – JJ v  
Stadt Euskirchen**

**(Cás C-513/25, EDEKA)**

(C/2025/5932)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Aachen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* JJ

*Cosantóir:* Stadt Euskirchen

*Páirtí uamtha:* EDEKA Rhein-Ruhr eG

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An bhfuil dlí an Aontais, go háirithe prionsabal na n-imeachtaí breithiúnacha cothroma agus córa in ábhair chomhshaoil a leagtar síos i ndlí an Aontais, le léiriú sa chaoi gur féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh, sa dlí nós imeachta, go gcuirfear cosc ar iarratasóir aonair a dhéanann agóid i gcoinne údarú tionscadail forbartha uirbí atá, faoin dlí náisiúnta, faoi réir réamh-mheasúnú de bhun Airteagal 4(2) agus phointe 10(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/92/AE <sup>(1)</sup>, a éileamh a dhéanamh mura gcomhlíonann sé teorainn ama 10 seachtaine chun na forais le haghaidh na caingne a lua tar éis í a thaisceadh (Airteagal 6 den Umwelt-Rechtsbehelfsgesetz)?
2. Más freagra dearfach a thabharfar ar Cheist 1:  
An sáraíonn Ballstát a neamhspleáchas nós imeachta arna ráthú le dlí an Aontais maidir le heagrú a dhlí nós imeachta i gcúrsaí comhshaoil mura soláthraíonn sé faisnéis don iarratasóir aonair dá dtagraítear i gCeist 1, nach gceanglaítear air ionadaíocht dhlíthiúil a bheith aige sna himeachtaí os comhair na cúirte riaracháin céadchéime, faoi choinníollacha agus éifeacht an choisc in-nóis imeachta de réir bhrí Airteagal 6 den Umwelt-Rechtsbehelfsgesetz?
3. Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1 agus má thugtar freagra diúltach ar Cheist 2:  
An bhfuil dlí an Aontais, agus go háirithe prionsabal an Aontais maidir le himeachtaí breithiúnacha cothroma agus cothroma in ábhair chomhshaoil, le léiriú sa chaoi go bhfuil cúirt Ballstáit i dteideal éileamh an iarratasóra aonair dá dtagraítear i gCeist 1 a eisiáimh ar an bhforas gur sáraíodh an teorainn ama 10 seachtaine chun caingean a thionscnamh de bhun Airteagal 6 den Umwelt-Rechtsbehelfsgesetz, cé gur dheonaigh an chúirt sin roimhe sin, arna iarraidh sin di, teorainneacha ama flaithiúla don iarratasóir aonair chun na forais leis an gcaingean a lua tar éis rochtain a fháil ar an gcomhad, agus síneadh a chur léi arís agus arís eile?
4. Má tá Ceisteanna 1 go 3 le freagairt ar bhealach a fhágann gur féidir cosc a bheith ann faoi Airteagal 6 den Umwelt-Rechtsbehelfsgesetz:  
An leanann sé ó dhlí an Aontais, go háirithe ó Airteagal 11(3) de Threoir 2011/92, ó Airteagal 9(2) agus (3) de Choinbhinsiún Århus agus ó Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go bhfuil ceart caingne ag iarratasóir aonair i gcúrsaí comhshaoil má dhéanann sé (tar éis go gcuirtear cosc ar na héilimh eile) réamh-mheasúnú ar thionscadal forbartha uirbí a chonspóid, 'ina haonar', ar tionscadal é arna dhéanamh ag an údarás poiblí faoin dlí náisiúnta i gcomhar le hAirteagal 4(2) agus pointe 10(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/92 agus, ar an gcaoi sin, gur measadh gur incheadaithe atá an truailliú torainn a bhfuil an t-iarratasóir nochtta dó?

<sup>(1)</sup> Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1).